



7. Flóra agus fána

Baineann cuid mhaith de na logainmneacha in Éirinn le flóra agus fána na tíre, mar shampla le hainmneacha ainmhithe agus éan, crann agus plandaí.

Bhí a lán coillte in Éirinn fadó. Tá a lán logainmneacha ann mar sin a bhfuil míreanna iontu a bhaineann le crainn agus le coillte. Tá na coillte dúchasacha beagnach imithe faoin am seo ach tá siad beo go fóill sna logainmneacha atá timpeall orainn.

Faighimid eolas sna logainmneacha faoi na héin a bhí in Éirinn fadó. Mar shampla léiríonn logainmneacha ar nós **Nead an Iolair** go raibh iolair san áit.

Ba í an tsealgaireacht an spórt ba mhó a bhí ag daoine fadó sa tír seo. Tugann logainmneacha fianaise dúinn ar na hainmhithe a bhí in Éirinn fadó. Tá cuid díobh díothaithe anois, mar shampla an torc allta agus an mac tíre ach maireann siad go fóill i roinnt logainmneacha.

Tuigimid an tábhacht a bhí leis an bhfeirmeoireacht in Éirinn le fada an lá mar go bhfuil roinnt logainmneacha ann le hainmneacha ainmhithe feirme iontu.

Má fhéachann tú go cúramach ar an liosta, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil tú in ann go leor logainmneacha a thuiscint anois.

Gaeilge	Béarla	Samplaí
Ainmhithe		
banbh	piglet	Gleann Banbh / Glenbonniv (An Clár); Cluain Banbh / Cloonbonniff (Ros Comáin)
bó	cow	Coillte Bó / Cuiltbo (Maigh Eo); Páirc na mBó / Cowpark (Luimneach)
broc	badger	Cluain Broc Íochtarach / Clonbrock Lower (Uíbh Fhailí); Carraig na mBroc / Badgerrock (Cill Chainnigh)
bullán	bullock	Bá na mBullán / Bullock Bay (Dún na nGall); Béal an Bhulláin / Bulls Mouth (Maigh Eo)
caora	sheep	Siúlán na gCaorach / Sheepwalk (Corcaigh); Ráth na gCaorach / Rathnageeragh (Ceatharlach)
capall	horse	Cluain na gCapall / Clonnagapple (An Iarmhí); Droimne an Chapail / Drummanacappul (Liatroim)
cat	cat	Tobar na gCat / Tobernagat (An Clár); Carraig na gCat / Carrignagat (Corcaigh)
coinín	rabbit	Oileán na gCoiníní / Rabbit Island (Gaillimh); Carraig an Choinín / Rabbit Rock (Dún na nGall)
damh	ox	Doire na nDamh / Derrynanamph (Muineachán); Cionn Damh / Kinaff (Maigh Eo)



7. Flóra agus fána

eilit	deer (doe)	Gleann na hEilte / Glenahilty (Tiobraid Árann); Cluain Eilte / Clonelty (Luimneach)
each	horse	Béal Átha na nEach / Bellananagh (An Cabhán); Inse na nEach / Inchinanagh (Corcaigh)
fia	deer	Clais an Fhia / Clashanea (Luimneach); Lios Coille Fia / Liscuilfea (Liatroim)
gabhar	goat	Inse na nGabhar / Inchnagower (Ros Comáin); Droim Seanghabhair / Drumshangore (Liatroim)
gamhain	calf	Loch Gamhna / Lough Gowna (An Cabhán, An Longfort); Gort na nGamhna / Gortnagowna (Tiobraid Árann)
giorria	hare	Muine na nGiorria / Monanagirr (Muineachán); Cnocán an Ghiorria / Haremount (Corcaigh)
graí	stud	Doire Graí Thiar / Derrynagree West (Corcaigh)
lao	calf	Corr na Lao / Cornalee (Ros Comáin)
mac tíre	wolf	Cnocán na Mac Tíre / Wolfhill (Laois); Cathair Bréach / Caherbreagh (Ciarraí) ciallaíonn bréach 'wolf'
madra	dog	Ráithín an Mhadra / Raheennamadra (Luimneach); Baile na Madraí / Ballynamaddree (Corcaigh)
muc	pig	Inis Muc / Inishmuck (An Cabhán); Béal Átha na Muice / Swineford (Maigh Eo)
reithe	ram	Léim an Reithe / Leamareha Island (Maigh Eo); Cnoc an Reithe / Knockaraha (Port Láirge)
rón	seal	Uaich na Rón / Seal's Bed (Maigh Eo); Mullán an Róin / Seal's Rock (Gaillimh)
serrach	foal	Cluain Serrach / Cloonsharragh (Ciarraí); Máthair an tSearraigh / Matair Shirragh (Ciarraí)
sionnach	fox	Coillte na Sionnach / Kiltynashinnagh (Liatroim); Doire an tSionnaigh / Derrintinny (An Cabhán)
tarbh	bull	Cluain Tarbh / Clontarf (Baile Átha Cliath)
torc	wild pig	Torc / Torc (Ciarraí); Currach Toirc / Curraghturk (Luimneach)
uan	lamh	Gort na nUan / Gortnagoon (Corcaigh); Ceann an Uain / Lamb's Head (Ciarraí)



7. Flóra agus fána

Éin		
bonnán	bittern	Dún Bonnáin Thiar / Dunbittern East (Corcaigh)
cearc	hen	Na Cearca / Carks (Ciarraí); Loch na Circe / Lough Nakirka (An Cabhán)
coileach	cock/rooster	Corr na gCoileach / Cornaguillagh (Muineachán); Cabhán na gCoileach / Cavanaguillagh (Muineachán)
colúr	pigeon	Abhainn na gColúr / Annagloor (Corcaigh); Na Colúir / The Pigeons (An Iarmhí)
crosán	razor-bill	Cuas na gCrosán / Coosnacrisaun (Ciarraí)
cuach	cuckoo	Cloch na Cuaiche / Cuckoo's Stone (Dún na nGall); Doirín na gCuach / Derreennagough (Corcaigh)
dreoilín	wren	Cnoc an Dreoilín / Knockadroleen (Corcaigh)
druid	starling	Droim Loch Druid / Drumlaghdrid (Dún na nGall)
eala	swan	Nead na hEala / Swansnest (Baile Átha Cliath)
éan	bird	Droim na nÉan / Druminane (Muineachán); Cnocán an Éin Fhinn / Birdhill (Tiobraid Árann)
faoileán, faoileann, faoileog	seagull	Carraig na bhFaoileán / Seagull Rock (Gaillimh); Lochán Faoileáin / Loughaunnaweelaun (An Clár); Loch na bhFaoileann / Lough Naweelaun (Gaillimh); Inis na bhFaoileog / Inishaweeloge (Dún na nGall)
feannóg	scald-crow	Mullach na bhFeannóg / Mulnavannoge (An Cabhán); Cnocán na Feannóige / Knockanenafinoga (Corcaigh)
fiach	raven	Cnoc na bhFiach / Knocknaveagh (An Cabhán); Bealach Féich / Ballybofey (Dún na nGall)
fuisseog	lark	Cnoc na Fuisseoige / Larkhill (Fear Manach)
gé	goose	Faiche na Gé / Goosegreen (Baile Átha Cliath); Caiseal Gé / Cashelgay (Dún na nGall)
gealbhan	sparrow	Srath na nGealbhan / Sranagalloon (An Clár)
géis	swan	Droim Géise / Drumgaze (Muineachán)
iolar	eagle	Nead an Iolair / The Eagle's Nest (Dún na nGall); Carraig an Iolra / Eagle Rock (Gaillimh)
lacha	duck	Gleann Dá Lachan / Glendalough (Port Láirge)
lon dubh	blackbird	Bóthar an Loin Duibh / Blackbird's Road (Ciarraí)



7. Flóra agus fána

seabhac	hawk	Coill na Seabhac / Hawkswood (Uíbh Fhailí); Páirc na Seabhac / Parknashoge (Loch Garman)
smólach	thrush	Ráth na Smólach / Rathnasmolagh (Cill Chainnigh)
spideog	robin	Gráig na Spideog / Graiguenaspiddoge (Ceatharlach)
traonach	corncrake	Carn Traonach / Carntreena (Dún na nGall); Learga an Traonaigh / Largatreany (Dún na nGall)
Éisc		
ballach	wrasse	Cuas Rinn an Aonbhallaigh / Coosrinaneanwallig (Ciarraí)
bradán	salmon	Carraig an Bhradáin / Carrickabraddan (Dún na nGall)
breac	trout	Srath Bhric / Sbrabrick (Liatroim); Loch na mBreac Caoch / Lough Nambrackkeagh (Gaillimh)
eascann	eel	Loch na nEascann / Loughanaskin (An Iarmhí); Cluain Eascann / Cloneska
iasc	fish	Maol an Éisc / Fish Rock (Gaillimh, Maigh Eo)
portán	crab	Oileán na bPortán / Crab Island (An Clár)
scadán	herring	Cúil Scadáin / Coolscuddan (Baile Átha Cliath)
Crainn agus plandaí		
abhall	apple-tree	Gort na nAbhall / Gartnanoul (An Cabhán); Doire Abhla / Derryola (An Cabhán)
beith	birch	Barr Beithe / Barrabehy (Cill Chainnigh); Coillidh Bheithe / Culnafay (Aontroim)
bile (crann a mbíodh urraim ar leith dó go minic)	sacred tree	Bile / Bellia (An Clár); Ráth Bhile / Rathvilly (Ceatharlach)
caithne	arbutus	Ard Caithne / Ardcanny (Luimneach); Oileán na Caithne / Arbutus Island (Ciarraí)



7. Flóra agus fána

call	<i>féach coll</i>	
coill	wood	Coill an Ghleanna / Glenwood (An Clár, Corcaigh, Lú, Tiobraid Árann); Coillte / Keelty, Quilty (An Clár); Coillidh Bhoth / Killybough (Muineachán)
coillidh, coillte	<i>féach coill</i>	
coillín	little wood	Coillín Dá Fhiach / Cuilleendaeagh (Gaillimh); Dún Coillín / Dunkellin (Gaillimh)
coll	hazel	Ard an Choill / Ardahill (Corcaigh); Collchoill / Callowhill (Liatroim); An Call Mór / Calmore (Doire); Coillidh Bhoth / Killybough (Muineachán)
crann	tree	An Crann / Cran (An Cabhán); Ceapaigh na gCrann / Cappanagroun (Ciarraí)
craobh	branch, branching tree	Inse na gCraobh / Inchnagreeve (Ros Comáin); Cnoc na Craoibhe / Knocknacree (Cill Dara)
creamh	wild garlic	Cluain Creamha / Cloncrew (Luimneach)
cuileann	holly	Maigh Cuilinn / Moycullen (Gaillimh); Lios an Chuilinn / Lisacullion (Muineachán)
dair	oak	Cill Dara / Kildare (Cill Dara); Gleann Darach / Glendarragh (Luimneach)
doire	oak-wood, wood	Doire / Derry (Doire); Doire Loinn / Derrylin (Fear Manach)
draighean	blackthorn	An Draighean / Dreen (Aontroim); Tulaigh an Draighin / Tullandreen (An Cabhán)
eo/iúr	yew-tree	Maigh Eo / Mayo (Maigh Eo, Liatroim); Tír an Iúir / Terenure (Baile Átha Cliath)
feá	<i>féach fiodh</i>	
fearnóg	alder-tree	Gort na bhFearnóg / Gortnavarnoge (Tiobraid Árann); An Garrán Fearnóige / Aldergrove (Aontroim)



7. Flóra agus fána

fiodh	wood	Fiodh Dúin / Fiddown (Cill Chainnigh); Tamnhaigh an Fheá / Tawnyinah (Maigh Eo); Na Fiáin / Feeans (Ciarraí)
fuinseog, fuinsinn	<i>féach uinse</i>	
garraí	garden	An Garraí Dubh / Garryduff (Luimneach); Garraí an Chaisleáin / Garrycastle (Uíbh Fhailí)
garrán	grove	An Garrán Críon / Garraun ; Garrán an Bhile / Garnavilla (Tiobraid Árann)
giúis	fir-tree	Ard na Giúise / Firmount (Corcaigh); Teach na Giúise / Firhouse (Baile Átha Cliath)
leamhán	elm	Páirc na Leamhán / Elm Park (Baile Átha Cliath); Ceapaigh an Leamháin / Caplevane (Uíbh Fhailí)
muine	thicket	Muine na gCaiseal / Moneygashel (An Cabhán); Cnoc an Mhuine / Knockawinna (Ciarraí); An Fhliuchmhuine / Lughinny (Cill Chainnigh)
ros	(wooded) height, wood, promontory	Ros Comáin / Roscommon ; Ros Cré / Roscrea (Tiobraid Árann); An Ros / Rush (Baile Átha Cliath)
sail	willow-(tree)	Cluain Saileach / Clonsilla (Baile Átha Cliath); Coill Sailí / Kilsally (Tír Eoghain)
saileach	<i>féach sail</i>	
sceach	hawthorn, thorn-bush	An Sceach Chrom / Skeaghcroum (Cill Chainnigh); Sceich an Iarainn / Skehanierin (Ciarraí)
sceich	<i>féach sceach</i>	
tor	bush, rock, steep rocky height	Tor Saileach / Tursillagh (Ciarraí); Coill an Toir / Killytur (Muineachán)
trom	elder	Baile Átha Troim / Trim (An Mhí); Cluain Troim / Cloontreem (Corcaigh)
uinse	ash-tree	Lios na hUinseann / Lisnahunshin (Aontroim); Fuinseog / Finshoge (Loch Garman); Fuinsinn Bheag / Funshin Beg (Gaillimh)



CEAHTANNA

Freagair na ceisteanna agus líon na bearnaí

1. Cén fáth a mbíonn míreanna a bhaineann le crainn agus le coillte le fáil go minic i logainmneacha na hÉireann?
.....
2. Tabhair sampla amháin d'ainmhí atá díothaithe anois ach a maireann a ainm go fóill i logainmneacha.
.....
3. Tá contaetha in Éirinn a bhfuil míreanna a bhaineann le flóra ina n-ainmneacha. Líon isteach na contaetha agus brí na míreanna sa tábla thíos. Tá an chéad cheann déanta.

Mír	Brí na míre	Contae leis an mír sa logainm
doire	oak-wood	Doire
eo		
muine		
ros		

Rangú logainmneacha de réir téamaí

Cuir na logainmneacha seo a leanas sna colúin chearta sa tábla thíos de réir na dtéamaí lena mbaineann siad. Tá roinnt samplaí déanta.

Maigh Cuilinn	Oileán na bPortán	Cnoc an Dreoilín
Loch na mBreac Caoch	Barr Beithe	Páirc na mBó
Coillte	Loch na Circe	Maol an Éisc
Tobar na gCat	Gleann Banbh	Cloch na Cuaiche

Ainmhithe	Éin	Éisc	Crainn nó plandaí
Carraig na mBroc	Abhainn na gColúr	Carraig an Bhradáin	Cill Dara

Brí logainmneacha

Má fhéachann tú go cúramach ar liosta na míreanna coitianta a bhaineann le flóra agus fána, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil tú in ann go leor logainmneacha a thuiscint anois. Líon isteach an an bhrí liteartha i mBéarla sa tábla thíos. Tá dhá cheann déanta duit.

Leid: Tá nótaí mínithe ag gabháil le cuid de na logainmneacha ar www.logainm.ie. Ná déan dearmad go gcaithfidh tú cliceáil ar na torthaí ar chlé chun tuilleadh sonraí i dtaobh na háite a fheiceáil ar dheis:



CEACHTANNA

Coillte Bó

Sráidainmneacha san áireamh

Ainmneacha cosúla

Coillte Bó/Cuiltybo
(baile fearainn)
Maigh Eo

Coillte Bó/Cuiltybo
(baile fearainn)
Maigh Eo

Coillte Bó/Kiltybo
(baile fearainn)
Maigh Eo

Coillte Bó/Cuiltyboe
(baile fearainn)
Ros Comáin

Coillte Bó/Cuilty Boe
(sráid)
Ros Comáin

léarscáil **sonraí**

contae **Maigh Eo/Mayo**
toghroinn **Breac-chluain/Brackloon**
barúntacht **Gaileanga/Gallen**
paróiste dli **Cill Chon Duibh/Kilconduff**

baile fearainn **Coillte Bó**
gin. **Choillte Bó**
ainm neamhdheimhnithe
(Gaeilge)
Cuiltybo
(Béarla)

Nóta mínithe
“ woods of (the) cow(s) ”

Taifid chartlainne

taifid scanáilte (2)
 taifid téacs

Nasc buan
<http://www.logainm.ie/36501.aspx>

Leid: Mura bhfuil nóta mínithe ag gabháil le háit b'fhiú féachaint ar na taifid chartlainne a ghabhann le cuid de na háiteanna ar www.logainm.ie. Is éard atá sna taifid chartlainne ná tagairtí stairiúla a thugann eolas maidir le litriú ainm na háite ag am áirithe, mar shampla i leabhar. Bíonn nótaí mínithe agus samplaí den fhoghraíocht ar chuid de na taifid freisin.

Fiodh gCat

Sráidainmneacha san áireamh

Fiodh gCat/Feegat
(baile fearainn)
An Mhí

léarscáil **sonraí**

< ar ais

Taifid chartlainne

1836	[Fiegat]	· Desc. Rem.:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	"It contains a well called Tubber na Culla..."
1836	Fiegat	· JOD(corr.):AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Fye-gat	· pron.:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Fiadh gcat	· pl:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Fiodh gcat, 'wood of the (wild) cats'	· OD:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Fiegatt	· Inq. C. I:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Feygatt	· Inq. C. I:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Fegate	· Inq. J. I:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Fegatt	· DS:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Fegat	· Local:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Fegat	· Cess Coll. (Dyas):AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Figat	· Voters Reg. 1832:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Figah	· LarKin (Mí):AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Fegah	· HCSV:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	
1836	Feegat	· BS:AL, <i>Leathanach Mí070,18</i>	

© Rialtas na hÉireann 2009

Logainm Gaeilge	Brí liteartha i mBéarla
Coillte Bó	woods of (the) cow(s)
Lios na gCat	enclosure of the (wild) cats
Garrán na gCapall	
Coill na gCoiníní	



CEAHTANNA

Muine na nGiorria	
Baile na Madraí	
Doire na Muc	
Coillte na Sionnach	
Coill na Seabhac	
Léim an Bhradáin	
An Coillín	
Collchoill (leid : tá an logainm seo comhdhéanta de 'coll' agus de 'coill')	
Garraí an Chrainn	
Garraí na gCaorach	
Doire na gCraobh	
An Garrán Fearnóige	
Doire Álainn	
Coill na nDraighean	
An tIúr	
Fíodh Ard	
Doire Leamhán	
Muine an Iúir	
Tor Saileach	
An Sceach	

Aimsigh logainmneacha a bhfuil míreanna ar leith iontu

Tá an chéad cheann déanta. **Leid**: seo nasc chuig treoracha maidir le cuardach a dhéanamh ar shuíomh logainm.ie:

Gaeilge: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menuItem=about&contentTitle=help.cuardach&uiLang=ga>

Béarla: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menuItem=about&contentTitle=help.cuardach&uiLang=en>

Leid: Bain triail as uimhir uatha, uimhir iolra, agus tuiseal ginideach na míreanna a chuardach chun teacht orthu ar www.logainm.ie. Is féidir na foirmeacha uatha, iolra agus ginidigh a lorg ar www.focal.ie nó i bhfoclóir.

Mar shampla más é an mhír **coill** atá á lorg agat cuardaigh na leaganacha seo a leanas:

- Cuardaigh '**coill**' agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Coill an Ghleanna**
- Cuardaigh '**coille**' mar a bheadh an mhír sa tuiseal ginideach agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Taobh na Coille**
- Cuardaigh '**coillte**' mar a bheadh an mhír san uimhir iolra agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Coillte Mach**

Tar éis duit cuardach a dhéanamh, is minic a fheicfidh tú bosca aníos faoin mbosca cuardaigh. Anseo, gheobhaidh tú liosta ainmneacha eile sa tír atá cosúil leis an mír/ainm a scríobh tú isteach. Mar shampla má chuireann tú an mhír bó sa bhosca cuardaigh, gheobhaidh tú an logainm **Bóithigh / Boihy** a chiallaíonn 'cowhouse'.



CEAHTANNA

»

Sráidainmneacha san áireamh

Bóithigh/Beihy
(toghroinn)
Liatroim

Bóithigh/Beihy
(baile fearainn)
Liatroim

Bóithigh/Boihy
(baile fearainn)
Liatroim

léarscáil sonraí

contae	Liatroim/Leitrim
toghroinn	Bóithigh/Beihy
barúntacht	Maothail/Mohill
paróiste dli	An Chluain/Cloone

baile fearainn **Bóithigh**
gin. **Bhóithigh**
(Gaeilge)
Beihy
(Béarla)

Nóta mínithe

“ cowhouse

Nasc buan

<http://www.logainm.ie/30030.aspx>

Ach má chuireann tú tuiseal ginideach iolra na míre .i. 'na mbó', (ciallaíonn sin 'of the cows') sa bhosca curdaigh, feicfidh tú go bhfuil neart logainmneacha a bhfuil 'na mbó' iontu:

»

Sráidainmneacha san áireamh

Abhainn Áth na mBó (2)

Ardán Áth na mBó (1)

Áth na mBó (2)

Baile na mBó (1)

Bán na mBó (1)

Béal Átha na mBó (3)

Bóthar Áth na mBó (1)

Bóthar na mBó (1)

Carraig Ard na mBó (1)

Carraig Phort na mBó (1)

Céide Áth na mBó (1)

Cluainín na mBó (1)

Coill Bhéal Átha na mBó (1)

Dún na mBó (1)

Faill na mBó (1)

Gob Dhún na mBó (1)

Goirtín na mBó (1)

Lána na mBó (1)

Leac na mBó (2)

Lios na mBó (1)

Lios na mBóbhán (1)

Loch na mBóithriní (1)

Móin na mBó (1)

Oileán Dún na mBó (1)

Páirc Áth na mBó (1)

Páirc na mBó (2)

Parlús na mBó (1)

Scairt na mBó (1)

Sruthán Sraith na mBó (1)

Abhainn Bhéal Átha na mBian (1)



CEAHTANNA

1. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **bó** mar chuid de?

Freagra: Tá sé sa logainm Bán na mBó.

2. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **caora** mar chuid de?

.....

3. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **faoiseán** mar chuid de?

.....

4. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **colúr** mar chuid de?

.....

5. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **bradáin** mar chuid de?

.....

6. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **portán** mar chuid de?

.....

7. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **crann** mar chuid de?

.....

8. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **doire** mar chuid de?

.....

9. Luaigh logainm a bhfuil an mhír **cuileann** mar chuid de?

.....

10. Luaigh logainm a bhfuil an mhír **sceach** mar chuid de?

.....



CEAHTANNA

Bhí ocht litir déag in aibítir stairiúil na Gaeilge (Ogham) agus bhí ainm gach litir díobh bunaithe ar ainmneacha na gcrann. Tugtar an liosta iomlán thíos agus aibhsítear na cinn sin atá fós so-aitheanta i nGaeilge an lae inniu.

Litir	Crann	Béarla
a	ailm	elm/pine
b	beith	birch
c	coll	hazel
d	dair	oak
e	eabhadh	aspen
f	fearn (fearnóg inniu)	alder
g	gort	ivy
h	uath	hawthorn
i	iogh	yew
l	luis	rowan
m	muin	vine
n	nuin	ash
o	onn/oir	furze/gorse
p	peith	reed
r	ruis	elder
s	suil (saileog inniu)	willow
t	tinne	furze/gorse
u	ur	heather/linden

Aimsigh logainmneacha ar www.logainm.ie a bhfuil ainmneacha na gcrann seo a leanas iontu: beith, coll, dair, fearn agus sail.



CEAHTANNA

Léamhthuisicint

Léigh an t-alt faoi **Sceichín an Rince** ag an nasc seo a leanas agus freagair na ceisteanna thíos. Tabhair faoi deara go bhfuil **leagan** Gaeilge agus Béarla den alt ar fáil ach cliceáil ar na cnaipeí 'Leagan Gaeilge' nó 'English version' ag barr an scáileáin ar dheis.

<http://www.logainm.ie/48039.aspx>

Sceichín an Rince / Skeheenaranky

1. Cén cineál áite é Sceichín an Rince? (.i. an baile, paróiste nó **baile fearainn** é?)

.....

2. Cén contae ina bhfuil Sceichín an Rince?

.....

3. Cén **litriú** Béarla a bhí ar an áit sa bhliain 1664, de réir cáipéisí stáit?

.....

4. Cad is **brí** le **rince** i mBéarla?

.....

5. Cad is brí le **sceach** i mBéarla?

.....

6. Cad is brí le **sceichín** i mBéarla?

.....

7. Cad is brí leis an logainm **Sceichín an Rince** i mBéarla?

.....

8. Aimsigh logainmneacha eile ar logainm.ie leis na **míreanna** **sceichín** agus **rince**.

.....